

## 1 Cad é RCT?

Córas Iarchoimeáda Cánach é Cáin Chonarthaí Iomchuí (RCT) a bhaineann le híocaíochtaí a dhéanann príomhchonraitheoir le fochonraitheoir faoi chonradh iomchuí i.e. conradh chun tabhairt faoi obair nó obair a sholáthar nó chun oibríochtaí iomchuí a dhéanamh i.e. **oibríochtaí foirgníochta**, oibríochtaí foraoiseachta, oibríochtaí próiseála feola, laistigh den Stát.

*Féach Aguisín 1(A) le do thoil mar a bhfuil liosta cuimsitheach d'Oibríochtaí Foirgníochta.*

## 2 Cúlra

**Go dtí seo:** Go dtí 1ú Eanáir 2014, chun cuidiú leis an bpríomhchonraitheoir níor éiligh na Coimisinéirí Ioncaim ach fógra conartha amháin i ndáil le gach fochonraitheoir a bhí fostaithe ag an bpríomhchonraitheoir.

**Amach anseo:** Ón 1ú Eanáir 2014, nuair a fhostóidh príomhchonraitheoir fochonraitheoir ar chonarthaí éagsúla ní mór don phríomhchonraitheoir fógra ar leithligh a thabhairt maidir le gach conradh seachas sa chás go mbreithnítear an conradh a bheith ina **chonradh leanúnach**.

### ➤ Nósanna Imeachta RCT d'Aonaid ón 1ú Eanáir 2014

Ní mór aghaidh a thabhairt ar na ceistanna seo a leanas is fochonraitheoir á fhostú:

- 1 An **gaol leanúnach conartha** atá i gceist **agus an bhfuil Conradh bailí RCT i bhfeidhm leis na Coimisinéirí Ioncaim faoi láthair?**

NÓ

- 2 An gcaithfear **Conradh nua RCT a bhunú?**

### 1 Cad is conradh leanúnach ann?

Seo a leanas sainmhíniú na gCoimisinéirí Ioncaim ar Chonradh leanúnach:

“Má fhostaíonn príomhchonraitheoir fochonraitheoir **chun tabhairt faoin gcineál céanna oibre ag roinnt láithreán**, d’fhéadfaí a mheas go bhfuil gaol **leanúnach** conartha eatarthu fad is:

- Nach n-athraíonn téarmaí an chonartha;
- Nach n-athraíonn páirtithe an chonartha; agus
- Nach gcaithfidh an fochonraitheoir dul in iomaíocht don obair ar láithreáin eile (i.e. tairiscint a chur isteach).
- Go ndearnadh íocaíochtaí an bhliain roimhe sin leis an bhfochonraitheoir

## 2 Cén uair a chaitear Fógra Conartha nua a bhunú?

- Nuair nach raibh an fochonraitheoir fostaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe riamh roimhe seo agus nuair a bhíonn RCT infheidhme.
- Nuair a chaithfidh an fochonraitheoir dul san iomaíocht (m.sh. tairiscint) d'obair nua
- Nuair a thagann athrú ar an ngaol conartha idir na páirtithe m.sh. bunaíonn an príomhchonraitheoir eintiteas nua (m.sh. cuideachta teoranta) i ndáil le gach láithreán; nuair a bhíonn athrú ar an sainchuntas oibre seachas an ceann atá ann faoi chonradh iomchuí atá i bhfeidhm.
- Nuair a thagann athrú suntasach ar théarmaí conartha m.sh. athrú a bheith ar shocruithe íocaíochta ó phraghas seasta go dtí tascobair;
- Nuair nach ndearnadh aon íocaíochtaí an bhliain roimhe sin leis an bhfochonraitheoir.

Ní mór don Innealtóir cuí agus don Soláthraí [Foirm Bunaithe RCT](#) a chomhlánú agus é a sheoladh chuig Aonad na gCuntas Iníochta lena próiseáil.

## 3 CBL – Aistriú Táille ar Sheirbhísí Foirgníochta

Tá an bunús cuntasáochta Aistriú Táille i ndáil le CBL i bhfeidhm ón 1ú Meán Fómhair 2008 maidir le príomhchonraitheoirí agus le fochonraitheoirí atá bainteach le hoibríochtaí foirgníochta atá faoi réir RCT.

Seo a leanas achoimre ar an mbunús cuntasáochta Aistriú Táille i ndáil le CBL ar **sheirbhísí foirgníochta** atá laistigh de scóip **an chórais RCT**:

- 1 Sa chás is go n-eisíonn fochonraitheoir sonrasc ar phríomhchonraitheoir i.e. Comhairle Chontae na Gaillimhe atá faoi réir rialacha RCT, níor chóir don fochonraitheoir CBL a ghearradh ar an sonrasc.
- 2 Ba chóir don fochonraitheoir atá cláraithe do CBL sonrasc a eisiúint ar an bpríomhchonraitheoir ar a mbeadh an gnátheolas a bheadh de dhíth ar ghnáthshonrasc CBL seachas an ráta CBL agus

méid an CBL. Ba chóir uimhir chláráithe CBL an fhoichonraitheora, má tá an té sin cláráithe do CBL, a bheith ar an sonrasc.

- 3 Ba chóir an ráiteas seo a leanas a bheith ar an sonrasc “An CBL ar an soláthar seo le cuntas ag an bPríomhchonraitheoir”. Eisióinn an foichonraitheoir sonrasc de ghnáth; má aontaíonn an príomhchonraitheoir agus an foichonraitheoir, áfach, féadfaidh an príomhchonraitheoir an sonrasc a ullmhú agus a eisiúint.
- 4 Íocfaidh an príomhchonraitheoir an foichonraitheoir ar an obair a rinneadh. Níor cheart CBL a bheith san áireamh san íocaíocht seo.
- 5 Má asbhaintear RCT ag 20% nó 35%, ba chóir é a ríomh ar an méid a caitheadh (i.e. an méid iomlán gan CBL a bhain le seirbhísí foirgníochta seachas tarlú ar fruiliú).
- 6 Ní mór don phríomhchonraitheoir cuntas a thabhairt ar an CBL ar an gconradh cuí ina thuairisceán CBL don tréimhse inar eisíodh an sonrasc (nó ar cheart é a eisiúint i.e. laistigh de 15 lá ó dheireadh na míosa ar soláthraíodh an tseirbhís).
- 7 Nuair a bheidh sé i dteideal sin a dhéanamh, (i.e. áit gur iompar ar ghníomhaíochtaí Cáin Bhreisluacha é an Príomhshuim) féadfaidh an príomhchonraitheoir creidiúint ionchuir a éileamh ag an am céanna ina thuairisceán CBL don tréimhse sin.

*(An sliocht thuas tógtha as Cáin Chonarthaí Iomchuí arna chur i láthair ag IPASS – Oilíúint Ghairmiúil Cánach, Samhain 2013).*

## ➤ **Nósanna Imeachta Aistriú CBL d’Aonaid ón 1ú Eanáir 2014**

Ní mór do **Chomhairle Chontae na Gaillimhe mar an príomhchonraitheoir** cloí leis na rialacha thuas i dtaobh CBL agus féinchuntas a thabhairt ar CBL ar **sheirbhísí foirgníochta** atá laistigh de scóip an **chórais RCT**.

Sa chás is go bhfostaítear foichonraitheoir d’obair mar Deisiú & Cothabháil tabhair an méid seo a leanas ar aird le do thoil:

- Tá RCT dlite ar obair dheisiúcháin agus dá bhrí sin bheadh Aistriú CBL i gceist leis
- Níl RCT dlite ar obair chothabhála agus d’íocfaí an CBL díreach leis an soláthróir
- Má áirítear Deisiú & Cothabháil ar aon sonrasc amháin caithfear le gach aon cheann acu amháin is go bhfuil RCT dlite orthu agus beidh Aistriú CBL ag baint leis an bpéire, **rud nach bhfuil ceart**.

An **cur chuige ceart** ná go seolfá 2 shonrasc; ceann ar Dheisiú agus ceann ar Chothabháil. Chinnteodh sin go bpléifí leis na sonrais ar an tslí cheart maidir le RCT agus Aistriú CBL.

**Ón 1ú Eanáir 2014** beidh gá oibreacha dá leithéid, mar a bhfuil cur síos thuas orthu a chur **ar shonrais ar leithligh** agus nuair is cuí de réir Aguisín 1(A) & (B).

*Aguisín 1 (A) – Oibríochtaí Foirgníochta mar a shainmhínítear in Alt 530 TCA 1997 arna leasú leis an Acht Airgeadais 2012.*

Ciallaíonn “Oibríochtaí Foirgníochta” —

- a foirgnimh nó déanmhais a fhoirgniú, a athrú, a dheisiú, a mhéadú, a scartáil nó a dhíchóimeáil;
- b aon oibreacha a fhoirgniú, a athrú, a dheisiú, a mhéadú nó a scartáil ar oibreacha iad is cuid, nó a bheidh ina gcuid, den talamh, lena n-áirítear ballaí, oibreacha bóthair, cumhacht-línte, fearas teileachumarsáide, rúidbhealaí aerárthaí, dugáí agus cuanta, iarnróid, uisce-bhealaí intíre, píblínte, taiscumair, príomh-phíopaí uisce, toibreacha, séaraigh, gléasra tionscail agus feistis chun talamh a shilt.
- c córais téacháin, soilsíúcháin, aerchóiriúcháin, fuaimdhíonaithe, aeraithe, cumhacht-sholáthair, siltin, sláintíochta, soláthair uisce, cosaint in aghaidh buirgléireachta nó dóiteáin a fheistiú, a athrú nó a dheisiú in aon fhoirgneamh nó déanmhas;
- ca. córas teileachumarsáide a fheistiú, a athrú nó a dheisiú in aon fhoirgneamh nó déanmhas nó ar aon fhoirgneamh nó déanmhas;
- d an taobh amuigh d'fhoirgnimh a ghlanadh (seachas aon chuid d'fhoirgneamh a ghlanadh i gcúrsa gnáthchothabhála); an taobh istigh d'fhoirgnimh agus de dhéanmhais a ghlanadh, a mhéid a dhéantar sin le linn iad a fhoirgniú, a athrú, a mhéadú, a dheisiú nó a aisiriú;
- e oibríochtaí is cuid dílis d'oibríochtaí den sórt a thuairiscítear thuas nó is ullmhúchán chucu nó is oibríochtaí chun iad a chríochnú, lena n-áirítear glanadh láithreán, uachtar talún a aistriú, tochailt, tunaileoireacht agus tolladh, leagan bunsraitheanna, tógáil scafall, aisiriú láithreán, tírdhreachú agus bóithre agus oibreacha rochtana eile a sholáthar;
- f oibríochtaí is cuid dílis den druileáil ag lorg mianraí, ola nó gáis nádúrtha nó d'iad a theibeadh nó den taiscealaíocht nó den saothrú i ndáil le hacmhainní nádúrtha, nó oibríochtaí is ullmhúchán chucu sin nó oibríochtaí chun iad a chríochnú;
- g ábhair, innealra nó gléasra atá le húsáid in aon cheann de na hoibríochtaí foirgníochta thuasluaite a tharlú ar fruilíú, cibé acu a úsáidtear iad nó nach n-úsáidtear

**Nóta:** Faoi alt (g) níl Aistriú Táille CBL dlite ar tharlú ar fruilíú. Ba chóir do tharlóirí leanúint orthu CBL a ghearradh mar a rinneadh roimhe seo agus níor cheart don phríomhchonraitheoir féinchuntas a thabhairt ar an CBL seachas sa chás is go mbeadh tarlú In-AE (ó bhallstát amháin go ballstát eile) i gceist arna chur ar fáil ag tharlóirí eachtrach nach bhfuil cláraithe do CBL sa Stát agus sa chás sin ní mór don phríomhaí féinchuntas a thabhairt ar CBL. Tá CBL dlite ar tharlú ag an ngnáthráta ach ráta de neamhní an ráta a bhaineann le tarlú lasmuigh den AE.

***Aguisín 1 (B) – Sliocht as Cáin Chonarthaí Iomchuí arna chur i láthair ag IPASS –Oiliúint Ghairmiúil Cánach, Samhain 2013).***

Cé go bhfuil formhór na ngníomhaíochtaí a luaitear sa sainmhíniú thuas intuigthe tá roinnt nithe ann nach bhfuil chomh intuigthe sin mar iad seo a leanas:

- Tá RCT dlite ar obair dheisiúcháin ach níl RCT dlite ar obair chothabhála. Bíonn deacrachtaí ag baint go minic le hidirdhealú a dhéanamh idir gnáthchothabháil agus obair dheisiúcháin. Tá sé ráite ag na Coimisinéirí Ioncaim i gcáipéis a bhaineann le Ceisteanna a Chuirtear go Minic (FAQ) nuair a dhéantar péinteáil mar chuid den phróiseas chun foirgneamh nó déanmhas nua a thabhairt chun críche go mbaineann RCT ach seachas sin go meastar péinteáil a bheith ar obair chothabhála agus nach mbainfidh RCT.
- I dTreoirlínte Oibríochta atá le fáil ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim (Aguisín 2) meastar péinteáil mar athrú agus go bhfuil RCT dlite air ach sa chás is gur mionobair atá i gceist meastar nach leor é chun a bheith faoi réir RCT.
- Meastar an taobh amuigh agus an taobh istigh d'fhoirgnimh agus de dhéanmhais a ghlanadh a mhéid a dhéantar sin le linn iad a fhoirgníú, a athrú, a mhéadú, a dheisiú nó a scartáil mar oibríocht foirgníochta.
- Ní mheastar an taobh amuigh (m.sh fuinneoga a ghlanadh) nó an taobh istigh d'fhoirgnimh a ghlanadh i gcúrsa gnáthchothabhála mar oibríochtaí foirgníochta.
- Seirbhísí tírdhreachaithe nuair a dhéantar sin mar chuid d'oibríocht foirgníochta (m.sh. tírdhreachú ar ghairdín mar chuid den tseirbhís teach a thógáil).
- Ní mheastar seirbhísí tírdhreachaithe amháin mar oibríochtaí foirgníochta.
- Ábhair, innealra nó gléasra a úsáidtear i ngnáthoibríochtaí foirgníochta a tharlú ar fruiliú. Spéisiúil go leor, ní hionann gaineamh, gairbhéal, ná coincreít arna sheachadadh ag an soláthraí is oibríocht foirgníochta. Dá bhfostódh an soláthraí/an príomhchonraitheoir tarlóir neamhspleách, áfach, chun na hábhair sin a sheachadadh, b'ionann sin agus oibríocht foirgníochta.

Tá tuilleadh eolais le fáil ag [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie)